"Ní mór cláir feasachta teanga agus cláir oiliúna teanga a fhorbairt agus a neartú chun go mbeadh cion níos mó d'fhoireann na seirbhíse poiblí in ann go fírinneach feidhmiú i nGaeilge agus in ann seirbhísí a sholáthar i nGaeilge do chustaiméirí a bhíonn á n-iarraidh sin. Ceapfaidh an Roinn Airgeadais agus an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí socruithe cuí d'fhonn cur leis an gcohórt seirbhíseach poiblí atá in ann feidhmiú go dátheangach. Bunófar na socruithe sin de réir a chéile, ag aithint na srianta atá faoi láthair ar earcaíocht chuig an earnáil phoiblí. Mar thaca leo sin, déanfar forbairt ar chóras creidiúnaithe caighdeánbhunaithe neamhspleách d'inniúlacht Gaeilge sa tseirbhís phoiblí laistigh den chreat oibre cáilíochtaí náisiúnta foriomlán atá ann faoi láthair."(Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge 2010-2030, lth.23)

I bhfianaise an mhéid atá ráite sa *Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge 2010-2030* thuas agus an mhéid atá leagtha síos in alt 11, cuid a 3 d'*Acht na dTeangacha Oifigiúla* (2003) molann muid go mbeadh leibhéil chumais an *Fhráma Tagartha Comónta Eorpach: foghlaim, teagasc agus measúnú* (*an FTCE*) luaite leis na poist uilig sa tSeirbhís Phoiblí a bhfuil cumas Gaeilge ag gabháil leo nó mar riachtanas acu. Ba chóir ardú céime a cheangal le leibhéil an *FTCE* fosta.
Is é córas an *FTCE,* a bhfuil leibhéil chumais sainmhínithe do gach scil ann, an córas is mó úsáide chuige seo ar fud na hEorpa.

Anna Ní Ghallachair
Stiúrthóir
Ionad na dTeangacha
Ollscoil na hÉireann Má Nuad